

Dearbhú

DEARBHAÍM go bhfuil sonraí an éilimh seo ceart agus déanaim éileamh ar aisíocaíocht € ,

a thíolacadh i leith Cánach Ioncaim ar thabhartais a fuarthas ó dhaoine aonair nár íoc cáin ach faoi ÍMAT

sa bhliain chánach

Ainm

Post an Oifigigh
(Cathaoirleach / Rúnaí Oinigh / Cisteoir Oinigh)

Dáta (LL/MM/BBBB) / /

Nótaí

1. Chun críocha Ailt 847A den ACC 1997, meastar gur Comhlacht Ceadaithe Spóirt thú má tá Uimhir Dhíolúine Cluichí agus Spóirt eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim chugat (uimhir GS). Tá tuilleadh eolais i dtaca le hiarratais a dhéanamh ar an uimhir seo ar fáil sa rannán **Díolúine Chánach do Chomhlachtaí Spóirt**.
2. Chun iarratas a dhéanamh ar faoiseamh cánach ar shíntiúis caithfidh go mbeidh sé seo ag do chomhlach spóirt:
 - Uimhir Dhíolúine Cluichí agus Spóirt
 - Uimhir an Tionscadail Cheadaithe. Tá an uimhir seo le feiceáil ar an deimhniú a eisíonn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ag ceadú do thionscadal chun críocha faoisimh chánach a éileamh ar thabhartais a fuarthas
3. I gcás tabhartas a dhéanann cáiníocóirí ÍMAT, meastar gur íocaíocht ghlan tar éis na cánach iad ag ráta caighdeánach nó ardráta an duine aonair, mar atá luaite ar 'Dheimhniú Cuí' an duine aonair.

Samplaí:

Nuair a ghearrtar cáin ar an duine aonair ag an ráta caighdeánach:(20%), an aisíocaíocht chánach ar thabhartas €250 ná €62.50, arna ríomh mar seo a leanas: $€250 \times 20 \div 80 = €62.50$.

Nuair a ghearrtar cáin ar an duine aonair ag an ardráta (40%), an aisíocaíocht chánach ar thabhartas €250 ná €166.67, arna ríomh mar seo a leanas: $€250 \times 40 \div 60 = €166.67$.

Ní mór gur íoc an duine aonair a dhóthain cánach ioncaim ar shuim chomhlán an tabhartais.

4. Is éard é an Deimhniú Cuí ná dearbhú an duine aonair maidir lena dtabhartas agus ba chóir **don Chomhlacht Spóirt an Deimhniú** seo a choinneáil, chomh maith le mionchuntais chun tacú leis an éileamh ar aisíocaíocht cánach. Ní mór na doiciméid seo a choinneáil toisc go bhféadfaidh sé go roghnóidh na Coimisinéirí Ioncaim d'éileamh le haghaidh scrúdú sonraithe a dhéanamh air.
5. Ba chóir duit na sonraí seo a leanas a thíolacadh mar thacaíocht i leith d'éilimh:
 - Uimhir Tagartha Cánach an Deontóra (Uimhir PSP);
 - ainm iomlán an deontóra (na ndeontóirí); (liostaithe in ord aibítre de réir leasainm)
 - suim an tabhartais;
 - ráta cánach na ndeontóirí;
 - an bhliain ina bhfuarthas an tabhartas.

6. Tá an Fhoirm 847A le húsáid go heisiach le haisíocaíocht Cánach Ioncaim a éileamh ar thabhartais **daoine aonair a íocann cáin faoin gcóras cánach ÍMAT** agus nach bhfuil faoi mheasúnú comhpháirteach agus céile nó páirtneir sibhialta ag íoc cánach faoi mheasúnú comhpháirteach.

7. Daoine aonair/Cuideachtaí Féinfhostaithe: Ní fhéadann comhlacht spóirt an faoiseamh cánach a éileamh le haghaidh tabhartas ó dhaoine aonair féinmheasúnaithe nó ó chomhlacht. Ba chóir don duine féinmheasúnaithe nó don chuideachta an tabhartas a éileamh mar chostas agus a n-ioncam nó a mbrabús iomlán á ríomh. Sa chás seo, níl aon socrú comhlán ann.

8. Ba chóir an Fhoirm chomhlánaithe 847A a sheoladh ar aghaidh chuig **Aonad na nDíolúintí Carthanais agus Spóirt** trí Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) **M'Fhiosruithe**.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.